

Polasaí Staidéir/Obair Bhaile

Study/Home Work Policy



Bhí baint ag na scoláirí, tuismitheoirí, múinteoirí agus an Bord Bainistíochta le cur le chéile an pholasaí seo. Tá an polasaí seo dlúth cheangailte le Cód Iompair an Choláiste agus feidhmíonn sé de réir sainspioraid an Ghaelcholáiste.

Students, parents, teachers and the Board of Management all had input in relation to this policy. This policy is directly connected to the Code of Conduct Policy and functions in conjunction with the spirit of the school.

Aidhm an Pholasaí:

Soiléiriú agus treoir a thabhairt do na scoláirí, na tuismitheoirí agus na múinteoirí i dtaobh obair bhaile agus staidéar bhaile; mar a bhítear ag súil leis sa Ghaelcholáiste. Iarrtar comhoibriú na scoláirí, tuismitheoirí/ caomhnóirí agus múinteoirí ionas gach scoláire a spreagadh agus a ghríosadh chun foghlaim éifeachtach a dhéanamh i dtreo buaic a c(h)umas a bhaint amach go hacadúil.

Aim of the Policy.

To give clarification and direction to students, parents and teachers in relation to home work and study; as expected by the school. Co-operation from students, parents/guardian's and teachers is sought in order to encourage every student to learn effectively and to achieve their potential academically.

An Tairbhe a Bhaineann le hObair Bhaile don Scoláire

- Obair an ranga a threisiú.
- Foghlaim neamhspleách a fhorbairt .
- Eolas na nábhar a thuiscint níos fearr.
- Machnamh pearsanta a dhéanamh faoin dtopaic ar siúl.
- Foghlaim fhéinthreoraíthe a fhorbairt.
- Féin thuiscint a fháil ar scileanna foghlamtha pearsanta .
- Barr cumais a bhaint amach go hacadúil.
- An Ghaeilge a shealbhú.
- Aiseolas tábhachtach don mhúinteoir ar dhul chun cinn gach scoláire.

The Benefit of Homework for the student:

- *Develops on the work conducted in the classroom.*
- *Develops independent learning.*
- *Better understanding of the subject knowledge gained.*
- *Personal reflection on the topic.*
- *Develops self-directed learning.*
- *Gains understanding of personal learning skills.*
- *Assists in achieving potential academically*
- *Assists in acquisition the Irish language.*
- *Important feedback for the teacher on how the student is progressing.*

Cineálacha Éagsúla Obair Bhaile

Glacann obair bhaile foirmeacha éagsúla ag brath ar an topaic agus ar an ábhar. Ní liosta críochnúil é an liosta seo a leanas, ach samplaí den rud atá i gceist le obair bhaile:

- Freagraí gearra a scríobh i gcóipleabhar nó i leabhair saothair.
- Cleachtaí gearra a thugann deis don dalta scileanna nua a chleachtadh nó coincheapanna nua a chur i bhfeidhm.
- Léaráidí nó léarscáileanna a tharraingt.
- Freagraí fada, le spriocdháta, déanta thar achar áirithe ama.
- Aistí a chur le chéile agus a scríobh.
- Tionscnaimh déanta thar roinnt seachtainí.
- Obair ealaíne a chleachtadh agus nó a chríochnú.
- Taighde a dhéanamh.
- Obair mheabhrach ag dul siar ar ábhar & ar obair ar leith déanta sa rang.
- Ábhair & comhábhair a bhailiú do ranganna éagsúla.
- Tuairisciú turgnaimh a chur le chéile.
- Cleachtadh scileanna éisteachta & labhartha.
- Féachaint ar chlár teilifíse/físeán U Tube, aiseolais a roinnt srl.

Different Types of Home Work:

Homework can take many different forms depending on the topic and the subject. This is not a definitive list but samples of what homework could consist of:

- *Short answers to questions in copybooks or workbooks.*
- *Short practises that give the students a chance to practise new skills.*
- *Draw illustrations and maps.*
- *Long answers with deadlines completed over a period of time.*
- *Put together and write essays.*
- *Complete a project over a few weeks.*
- *Practise or complete art work.*
- *Carry out research.*
- *Memory work- recap on work covered previously and work done in class.*
- *Gather ingredients etc for different classes.*
- *Put together a report on a project.*
- *Practise listening and talking skills.*
- *Watch TV programmes/Youtube videos, share feedback etc.*
- *Reading.*

- Léitheoireacht a dhéanamh.

An Fhreagracht ar Scoláirí

- Is gá do gach dalta aire mhaith a thabhairt don Dialann Scoile agus is gá go mbeadh sé ar an mbinse ag tús gach ranga ionas taifead a dhéanamh ar an obair bhaile.
- An t-am a thógaint chun an obair bhaile a dhéanamh chomh maith agus is féidir.
- A chinntiú go bhfuil an obair bhaile déanta don spriocdháta.
- A chinntiú go bhfuil na leabhair agus an trealamh cuí ina m(h)ála scoile.
- Muna bhfuil an dalta i láthair sa rang m.sh tinneas, cluiche, turas; an obair bhaile agus obair ranga a fháil ó chomhscóláire nó ón múinteoir.
- Tabhairt faoin obair bhaile go néata, críochnúil agus macánta.
- Má bhíonn aon deacracht ag tabhairt faoin obair bhaile, ba chóir é sin a chur in iúl don mhúinteoir i gceist, a luaithe agus is féidir agus nóta mínithe faoi ó thuismitheoir.
- Ní cheadaítear obair bhaile scríofa a dhéanamh ar scoil ach amháin le cead ó mhúinteoir agus le linn an staidéir mhaoirsithe tar éis scoile.
- Caithfear de réir Cód Iompair na scoile leo siúd a bhíonn faillíoch lena n-obair bhaile.

An Ról ag Tuismitheoirí/ Caomhnóirí

- Suim a chur i ndul chun cinn a p(h)áiste le linn na bliana.
- Comhrá a dhéanamh lena p(h)áiste go rialta faoin dtábhacht a bhaineann le obair bhaile a dhéanamh gach lá agus a chinntiú go bhfuil an obair bhaile críochnaithe don spriocdháta.
- Cinntiú go bhfuil coinníollacha compordacha agus oiriúnacha ag a p(h)áiste chun an obair bhaile a dhéanamh.
- Meabhrú don pháiste go bhfuil gach leabhar agus trealamh cuí ina m(h)ála don chéad lá scoile eile.
- An Dialann Scoile a shíniú ionas súil a choimeád ar dhul chun cinn a p(h)áiste agus ar aon tuairisc ó mhúinteoir; Bliain 1 le síniú gach oíche agus Bliain 2/3 uair sa t-seachtain ach iarrtar é a shíniú gach oíche do dhalta ar cárta buí/dearg.
- Is féidir an Dialann Scoile a úsáid chun teagmháil a dhéanamh idir tuismitheoir agus múinteoir. Má bhíonn gá le comhrá níos mine, ba chóir don tuismitheoir é seo a eagrú ag am oiriúnach; gan cur isteach ar obair ranga aon mhúinteoir

Ról an Mhúinteora/ na Scoile

- An Córas Chárta Bhuí/Dheirg maidir leis an bPolasaí Obair Bhaile a chur i bhfeidhm .
- Is faoi gach múinteoir a struchtúr féin agus a stíl féin

Responsibility of Students:

- *Every student must take good care of the School Diary and it must be on the desk at the start of each class to record the homework.*
- *Take the time to do the homework as well as possible.*
- *Ensure the homework is completed by the deadline.*
- *Ensure that they have the books and equipment needed in their school bags.*
- *If the student is not in the class i.e. sickness, game, tour, they must get the class work and home work from a classmate or the teacher.*
- *Undertake to do the work tidily, finished and honestly.*
- *If there is any problem undertaking the homework, this should be highlighted to the teacher in question as soon as possible and an explanation note for the teacher from the parent.*
- *It is not permitted to do written homework in school except with the permission from a teacher and within supervised study after school.*
- *Those who do not comply with the homework will be dealt with through the Code of Conduct policy.*

Role of the Parents/Guardians:

- *Interest in the child's progress throughout the year.*
- *Converse with the child regularly throughout the year about the importance of doing homework every day and ensuring that homework is completed to meet the deadline.*
- *Ensure that the child has comfortable conditions in which to complete the homework.*
- *Remind the child to have the correct equipment and books in their school bag for school the following day.*
- *Sign the school diary in order to keep an eye on the progress of the child and on any notes from teachers . 1st years every night, 2nd/ 3rd years once a week however any student on a yellow/red card must get it signed each night.*
- *The school diary can be used to communicate between teacher and parent. If there is a need for a more in depth conversation, the parent should organise this for an appropriate time without interrupting the work of the teacher.*

Role of the Teacher / School:

- *Implement the Yellow/Red Card System in conjunction with the Homework Policy.*
- *It is the duty of the teacher to incorporate their own structure/ style but an agreed structure*

obair bhaile a leagan amach ach struchtúir aontaithe a bheith pléite agus glactha sna ranna ábhar éagsúil; mar chuid de phleanáil ábhair.

- An obair bhaile a chur in iúl ag tús an ranga, de ghnáth, chun deis a thabhairt do na daltaí taifead a dhéanamh de ina ndialanna agus a úsáid mar áis threoraithe i rith an ranga.
- Cuntas a choimeád ar an obair bhaile a thugtar do dhaltaí agus a dhéanann/nach ndéanann daltaí.
- Cinntiú go bhfuil an obair bhaile déanta ag daltaí ar an spriocdháta.
- Obair bhaile a cheartú, a mharcáil agus moltaí a scríobh a thabharfaidh treoir don dalta; ag leanúint treoracha an Mheasúnú ar an bhFoghlaim agus an Plean Litearthachta & Uimhearthachta sa Choláiste.
- Taifead a chur i ndialann an dalta muna bhfuil obair bhaile déanta agus taifead a dhéanamh de ar an gcóras monatóireachta VSware.
- Cuirfear deiseanna staidéir ar fáil tar éis am scoile dóibh siúd a n-oireann sé dóibh, má bhíonn éileamh a dhóthain ann dó gach téarma.

Ról an Mhúinteoir Ranga.

- An tábhacht a bhaineann le obair bhaile a mhíniú agus a threisiú.
- Dialann na ndaltaí a sheiceáil ó thaobh obair bhaile de.
- Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na ndaltaí ina rang; de réir mar atá leagtha amach ag an scoil.
- Tugtar treoir do gach bliain ar an méid ama ar cheart a chaitheamh ar obair scoile gach oíche.

Treoracha Ama don Obair Bhaile/ Staidéar

Bliain	Luan- Déardaoin	Deireadh Seachtaine Béim ar Staidéar/ Dul Siar
1	1 - 1 ½ uair	2 uair
2	1 ½ – 2 uair	3 uair
3	2 ½ - 3 uair	4-5 uair
4	Bíonn éagsúlacht ama i gceist gach seachtain (Ag brath ar an obair ar bun ag an am).	
5	3 - 4 uair	5 -6 uair
6	4 uair	6 uair agus breis (Ag brath ar rogha cúrsa 3ú leibhéal an dalta).

Moltaí chun staidéar/ obair bhaile éifeachtach a dhéanamh:

- Leag amach plean ama duit féin ag tús na bliana a oibreoidh duit go réalaíoch agus cloígh leis ansin.
- Déan an obair chomh luath san oíche agus is féidir leat. Tá tar éis a 9.00 p.m. ró- dhéanach.

that has been discussed and accepted in their subject as part of their subject planning.

- State the homework at the beginning of the class so as to give the students a chance to record it in their diaries and to use as a tool of direction in class.
- Keep an account of the homework that is given to students and of students who complete and don't complete homework.
- Ensure that the homework is completed by the students on time.
- Correct and mark homework and give feedback that will direct the student following the instructions in Assessment of Learning and the Literacy and Numeracy Plan in the school.
- Record in the students diary and on the monitoring system VSware if homework is not completed.
- Study periods will be made available to students after school if there is sufficient demand for it.

Role of the Class Teacher.

- Explain and discuss the importance of homework.
- Check the students' diaries for homework.
- Monitor the progress of the students in their class; as established by the school.
- Guidelines are given as to the amount of time that should be spent doing homework every night.

A Time Frame Guideline for Homework / Study.

Year	Monday-Thursday	Weekend Emphasis on study/revision
1	1 - 1 ½ hour	2 hours
2	1 ½ – 2 hours	3 hours
3	2 ½ - 3 hours	4-5 hours
4	There is a difference in the amount of time every week. Depending on the work that is being done during the week.	
5	3 - 4 hours	5 -6 hours
6	4 hours	6 hours + (Depending on the choice of 3 rd Level course of the student).

Guidelines to study/ complete homework effectively.

- Layout a time plan for yourself at the start of the year that will work for you realistically and stick to it
- Complete your homework as soon as possible.

- Aimsigh áit éigin ciúin sa teach agus más féidir ná déan é i do sheomra leapa.
- Fág do fhón póca ar leataobh múchta mar beidh sé ag cur isteach ort.
- Bíodh solas maith agat agus teas sa seomra ach gan a bheith ró-the.
- Déan an obair bhaile ar dtús, gach oíche agus caith aon fhúilleach ama ansin ag staidéar.
- Le linn staidéir déan 20 nóiméad (Bl.1/2/3), nó 30 nóiméad (Bliain 5/6) ar ábhar agus tóg sos ansin.
- Bí gníomhach sa staidéar, úsáid cóipleabhar agus coimeád é, (léigh, lonnaigh príomhphointí, déan léaráidí le heochairfhocail/eochair phointí, ceistigh tú féin ar an eolas).
- Téigh siar arís ar an eolas a ghlac tú ag deireadh na seachtaine /míosa agus féach ar cheisteanna scrúdaithe ar an ábhar, (Bl. 3 agus 6 go háirithe).
- Ná dearmad aire a thabhairt duit féin – Bíonn gá le cleachtadh coirp agus aer úr gach lá, aiste bia folláin agus neart codladh (8 -9 uair an chloig gach oíche).

Córas Cárta Bhuí/Dheirg

Déanaimid gach iarracht gach dalta a spreagadh agus a mhealladh chun barr feabhais a bhaint amach agus ní bhíonn fonn riamh luí le smacht bhannaí. Bíonn cur i bhfeidhm an Chóid Iompair tuisceanach, mealltach, muinteartha le maithiúnas i gcroílár an cur chuige. Leagtha amach anseo tá an chuid den Chód Iompair a bhaineann le sárú na rialacha i dtaobh obair bhaile.

- Muna mbíonn an obair bhaile déanta ag dalta déantar é a thaifead ar an gcóras monatóireachta in-scoile VSware.
- Má thagann dalta ar scoil **trí** huair sa téarma gan obair bhaile déanta cuirtear é/í ar chárta buí chun monatóireacht a dhéanamh air/uirthi. Cuirtear é seo in iúl do thuismitheoirí/caomhnóirí.
- Coimeádtar istigh é/í ar an **Aoine go dtí 2.30 p.m** chun obair scríofa a dhéanamh.
- Tugtar **foláireamh 4 lá scoile** do na thuismitheoirí faoi seo. Cuirtear scéal abhaile tríd an oifig.
- Má tharlaíonn cúis eile de fhaillí i leith obair bhaile sa téarma céanna ina dhiaidh sin cuirtear an dalta ar **chárta dearg monatóireachta** agus iarrtar ar na thuismitheoirí teacht chun na scoile chun an fhadhb a phlé.
- D'fhéadfaí iarraidh ar dhalta a leanann ag déanamh faillí ar an obair bhaile an staidéar a dhéanamh ar scoil tar éis scoile.

Cur i bhfeidhm

Beidh an polasáí seo curtha i bhfeidhm ag an bpríomhoide, múinteoirí, scoláirí, foireann riaracháin, agus thuismitheoirí. Déanfar na cleachtais i dtaobh obair bhaile/staidéir a phlé

After 9.00pm is too late.

- *Find some place quiet in the house and if possible don't do it in your bedroom.*
- *Leave your mobile phone aside turned off as it will interfere with your work.*
- *Ensure that you have good lighting and heat in the room without being too hot.*
- *Complete your homework first every night and spend any extra time afterwards studying.*
- *A 20 minute period is recommended for 1st/2nd/3rd years and 30 minutes for 5th/ 6th years on a subject and then take a break.*
- *Be active during study, use a copybook and keep it (read, record main points, draw diagrams with keywords, question yourself on the information).*
- *Go over the information you recorded at the weekend / month and look at exam questions in the subject especially 3rd and 6th year.*
- *Don't forget to mind yourself – There is a need to exercise and fresh air every day, healthy food and plenty of sleep- (8 to 9 hours every night)*

Yellow / Red Card System.

We make every effort to encourage all students to achieve their academic potential . The implementation of the Code of Conduct Policy is understanding with the good of the pupils at the heart of it. The following is the part of the Code of Conduct that has to do with the rules in relation to homework.

- *If homework is not completed by a student it will be recorded on the in school the monitoring system VSware.*
- *If students come to school 3 times without homework he / she will be put on a Yellow card to monitor him or her. Parents /Guardians will be informed of this decision.*
- *He/She will be kept in after school on Friday until 2.30pm to complete written work.*
- *4 days notice will be given to parents about this. This will be done through the office.*
- *Should the student come to school again without homework he /she will be put on the Red Monitoring Card and parents will be asked to attend a meeting at the school to discuss the problem.*
- *Students who repeatedly don't complete homework could be asked to attend study after school.*

Implementation

This policy will be implemented by the Principal, teachers, students, administration staff and parents.

The practices in relation to homework / study will

agus a leasú ag cruinnithe foirne go rialta.
Glactha agus faofa ag an mBord Bainistíochta i Mí na Nollag
2016
Síniú an Chathaoirligh: _____
Síniú an Phríomhoide: _____
Dáta: _____

*be discussed often and amended regularly at staff
meetings.
Accepted and approved by the Board of
Management on 5th December 2016.*